Cuntas Leithreasa 2018

Vóta 36

Cosaint

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 36, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 maidir le tuarastail agus costais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear roinnt seirbhísí arna riar ag an Oifig sin, maidir le pá agus costais Óglaigh na hÉireann, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €17.05 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí ó 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 24 de 2018, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Luacháil stoic

Déantar luacháil ar stoic mhíleata ag meánchostas. Déantar luacháil ar stoic an Aerchóir ag an luach ceannaigh. Déantar luacháil ar stoic na Roinne ag an luach ceannaigh is déanaí. Áirítear le stoic Mhíleata agus an Aerchóir míreanna áirithe a ndearnadh athchóiriú orthu.

Sócmhainní caipitil

Áirítear le sócmhainní caipitil sócmhainní a bhfuil luacháil níos lú ná €1,000 ag gabháil leo.

Tá sceideal de thalamh agus foirgneamh atá á riar ag an Roinn Cosanta tugtha in aguisín A. Úsáidtear iad sin chun críche Óglaigh na hÉireann agus áirítear leo réadmhaoin sainiúil agus thiomnaithe. Ní dhéantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh agus níl siad áirithe i sócmhainní caipitil (nóta 2.2).

Déantar íocaíochtaí faoi chláir áirithe chun trealamh Óglaigh na hÉireann a fhorbairt, lena n-áirítear aerárthaí a cheannach agus iompróirí armúrtha pearsanra a athchóiriú, a thaifeadadh mar réamhíocaíochtaí go dtí go mbaintear úsáid astu, agus déantar iad a thaifeadadh mar shócmhainní caipitil an uair sin.

Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Tá íocaíochtaí maidir le forbairt foirgneamh arna riar ag an Roinn Cosanta áirithe mar chuid de Nóta 2.3 – Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a chuirtear tionscadail den sórt sin i gcrích, baintear as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt iad. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgneamh áirithe i sócmhainní caipitil, ag teacht leis an bpolasaí atá luaite thuas.

Dímheas

Déantar dímheas ar shócmhainní míleata chuig luachanna iarmharacha ag rátaí éagsúla idir 3% agus 20% in aghaidh na bliana ag úsáid mhodh na líní dírí.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Cuirtear an fhreagracht sin i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go bhfuil cosaint ag sócmhainní, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath ar bhealach caoithiúil. Is próiseas leanúnach é na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dheimhnithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

An timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Leagadh síos socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal áit ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna móra rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm chun mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.
- Tá cuntas tugtha ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear leithroinnt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú bliantúil ag an mbainistíocht shinsearach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i gcoinne réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- tá córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann agus disciplíní foirmiúla chun tionscadail a bhainistiú.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas chun ceannacháin a dhéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. Bhí 96 conradh, ar bhain gach ceann acu le híocaíochtaí níos mó ná €25,000, le luach iomlán €20.8 milliún liostaithe i dtuairisceán bliantúil na Roinne i 2018 i dtaca le Ciorclán 40/2002.

Baineann na conarthaí sin go príomha le caiteachas le soláthraithe dílsithe do threalamh speisialta cosanta agus bainteach le slándáil do Óglaigh na hÉireann. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar faoi aon chonarthaí den sórt sin i gcomhréir le forálacha Chiorclán 40/2002.

Iniúchadh inmheánach agus an coiste iniúchóireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le lucht pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Tá a chuid oibre á threorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais dá bhfuil an Roinn nochta agus tá a chuid pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollaithe thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar suas tuarascálacha fheidhm an iniúchta inmheánaigh.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha atá á nglacadh ag an mbainistíocht chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus aithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu agus rinneadh grádú orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn míosúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí maidir leis na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe d'fhoireann ar leith.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Leagadh síos nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach caoithiúil. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomh-rialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a sainaithníodh.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Faigheann an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Roinn ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoir ón obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i dtaca le 2018 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh air, nó a bhféadfadh sé a bheith mar thoradh air.

Maurice Quinn
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

29 Márta 2019

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 36 Cosaint

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 36 Cosaint don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Cosaint agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

Vóta 36 – Cosaint

Cuntas Leithreasa 2018

			2018	2017
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas chláir				
A	Beartas agus tacaíocht chosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin	707,348	701,421	680,549
	Ollchaiteachas	**707,348**	**701,421**	**680,549**
	Asbhain			
B	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**20,535**	**31,658**	**30,824**
	Glanchaiteachas	**686,813**	**669,763**	**649,725**

Barrachas

Tá barrachas na suime a sholáthraítear maidir leis an nglanmhéid atá i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste.

	2018	2017
	€	€
Barrachas le géilleadh	**17,050,291**	**21,368,252**

Maurice Quinn
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

29 Márta 2019

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

		2018	2017
	€000	€000	€000
Costas chláir		678,193	658,228
Riarachán – pá		17,652	17,161
Riarachán – neamhphá		5,576	5,160
Ollchaiteachas		**701,421**	**680,549**
Asbhain			
Leithreasaí-i-gcabhair		**31,658**	**30,824**
Glanchaiteachas		**669,763**	**649,725**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Airgead tirim ó cheannacháin	(101,590)		
Dímheas	69,939		
Caillteanas ar dhiúscairtí	2,922		
Diúscairtí in airgead tirim	15		
		(28,714)	(24,884)
Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt			
Íocaíochtaí airgid tirim		(10,641)	(13,133)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(3,680)		
Méadú ar stoc	(9,013)		
		(12,693)	5,588
Caiteachas díreach		**617,715**	**617,296**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	10,761		
Measchíosanna	1,607		
		12,368	11,672
Costas chláir ghlan		**630,083**	**628,968**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsítear i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 36 a thabhaítear in áit eile, agus suimeanna a tabhaíodh ar Vóta 36 i dtaca le seirbhísí eile.

	2018	2017
	€000	€000
Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin	(413)	(428)
Vóta 2 Roinn an Taoisigh	(82)	(91)
Vóta 9 Na Coimisinéirí Ioncaim	1	2
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Ar Scor	11,095	10,411
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	541	603
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	911	825
Vóta 35 Pinsin Airm	(1,414)	(1,324)
An Príomh-Chiste – Pinsin airí	122	123
	10,761	**10,121**

Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

	Nóta	2018 €000	2017 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	549,538	474,247
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.3	2,993	10,248
		552,531	484,495
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	3,718	5,213
Stoic	2.5	212,043	203,030
Réamhíocaíochtaí	2.6	63,936	105,974
Ioncam fabhraithe		3,072	3,590
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	5,076	4,839
Sócmhainní reatha iomlána		287,845	322,646
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		2,560	2,209
Ioncam iarchurtha		30	40
Iarmhéideanna sochair eile	2.8	4,371	6,381
Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite	2.9	4,423	3,671
Iomlán na ndliteanas reatha		11,384	12,301
Glansócmhainní reatha		276,461	310,345
Glansócmhainní		**828,992**	**794,840**
Arna léiriú le:			
Cuntas maoiniú Stáit	2.1	**828,992**	**794,840**

2.1 Cuntas maoiniú Stáit

	Nóta	2018 €000	2018 €000	2017 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir			794,840	767,551
Aisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	686,813		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(17,050)		
Vóta glan			669,763	649,725
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1		10,761	10,121
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1		1,607	1,551
Aistrithe - sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.3		(17,896)	(5,140)
Costas chláir ghlan	1		(630,083)	(628,968)
Iarmhéid ag 31 Nollaig			**828,992**	**794,840**

2.2 Sócmhainní caipitil

	Trealamh míleata	Trealamh an Chosaint Shibhialta	Troscán oifige agus trealamh TF	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018	1,067,950	4,382	50,609	1,122,941
Breiseanna	145,646	352	2,169	148,167
Diúscairtí	(40,320)	(64)	(1,076)	(41,460)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018	1,173,276	4,670	51,702	1,229,648
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018	606,683	1,610	40,401	648,694
Dímheas don bhliain	66,257	366	3,316	69,939
Dímheas ar dhiúscairtí	(37,552)	(15)	(956)	(38,523)
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018	635,388	1,961	42,761	680,110
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018	**537,888**	**2,709**	**8,941**	**549,538**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017	461,267	2,772	10,208	474,247

Nóta Riarann an Roinn Cosanta talamh (thart ar 8,300 heicteár) agus foirgneamh ag 58 áit difriúil, mar aon le 19 réadmhaoin lasmuigh de bheairicí a fheidhmíonn mar cheathrúna do dhaoine pósta. Níl talamh agus foirgnimh áirithe i sócmhainní caipitil.

2.3 Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

	Conarthaí tógála
	€000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2018	10,248
Íocaíochtaí airgid tirim sa bhliain	10,641
Tionscadail a cuireadh i gcrích [a]	(17,896)
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2018	2,993

Nóta: [a] De réir mar a chuirtear tionscadail i gcrích, baintear iad as sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Ní dhéantar aon aistriú chuig an gclár sócmhainní toisc nach bhfuil talamh agus foirgneamh áirithe i sócmhainní caipitil.

2.4 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2018 €000	2017 €000
Iarmhéid PMG	3,252	8,938
Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim eile	466	473
Lúide orduithe atá le híoc	—	(4,198)
	3,718	**5,213**

Cuntais bhainc neamh vóta

Tá 13 chuntas bainc eile a ndéanann pearsanra Óglaigh na hÉireann bainistiú orthu chun córas na mbéilí neamhfhoirmiúla a riaradh sna beairicí. Ní eisítear aon mhaoiniú ón vóta do na cuntais bhainc seo. Ba é an méid a bhí i seilbh ag deireadh 2018 ná €25,786 agus níl sé sin áirithe sa chuntas (2017: €41,813).

2.5 Stoic

ag 31 Nollaig	2018 €000	2017 €000
Stoic mhíleata		
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	201,840	206,190
Ceannacháin i rith na bliana	44,709	33,733
Eisiúintí i rith na bliana	(33,941)	(34,455)
Díscríobh, stoc as feidhm, srl.	(1,645)	(3,628)
	210,963	201,840
Stoic eile		
Cosaint Shibhialta	1,016	1,114
Stáiseanóireacht	17	19
Tomhaltáin TF	47	57
	212,043	**203,030**

2.6 Réamhíocaíochtaí

ag 31 Nollaig	2018 €000	2017 €000
Tógáil árthaí cabhlaigh	—	66,916
Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra	30,466	25,000
Aerárthach fóntais le sciatháin dhobhogtha	16,000	4,000
Eile	17,470	10,058
	63,936	**105,974**

2.7 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Párolla	4,268	4,186
Óinchiste	627	298
An scéim um rothaíocht chun na hoibre	90	146
Thar sáile	67	67
Fionraí eile	24	142
	5,076	**4,839**

2.8 Iarmhéideanna sochair eile

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Bhreisluacha	3,953	5,959
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	222	191
Cáin Ioncaim	14	14
Cáin Chonarthaí Iomchuí	28	42
Árachas Sóisialta Pá-choibhneasta	14	14
Ranníocaíochtaí pinsin	12	43
	4,243	6,263
Asbhaintí párolla coinnithe sa chuntas fionraí	3	88
Míreanna fionraí sochair eile	125	30
	4,371	**6,381**

2.9 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Barrachas leithreasaí le géilleadh	17,050	21,368
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(12,627)	(17,697)
Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite	**4,423**	**3,671**
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	3,718	5,213
Iarmhéideanna dochair: fionraí	5,076	4,839
	8,794	10,052
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(4,243)	(6,263)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(128)	(118)
	(4,371)	(6,381)
	4,423	**3,671**

2.10 Ceangaltais

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Ceangaltais dhomhanda		
Soláthar earraí agus seirbhísí	8,686	5,699
Tionscadail chaipitil	74,777	119,544
	83,463	**125,243**

Nóta Áirítear leis an bhfigiúr €83 milliún €60 milliún a caitheadh chun trealamh cosanta a cheannach (lena n-áirítear €23 milliún ar chlár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra agus €27 milliún ar aerárthach a cheannach), €10 milliún ar oibreacha tógála agus €4 mhilliún ar uasghráduithe TF.

Mórthionscadail chaipitil

Caiteachas ar thionscadail inar mó ná €10 milliún an costas measta iomlán.

Tionscadal	Caiteachas carntha go dtí 31 Nollaig 2017 €000	Caiteachas i 2018 €000	Ceangaltais do thionscadail i mblianta ina dhiaidh sin €000	Saolré caiteachais iomlán ionchais an tionscadail 2018 €000	Saolré caiteachais iomlán ionchais an tionscadail 2017 €000
Clár athsholáthair árthaí cabhlaigh agus tionscadal armála	281,913	5,517	109	287,539	283,547
Clár cothabhála agus uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra	25,000	20,132	22,868	68,000	68,000
Tionscadal ailtireachta deisce fíorúil do bhonneagar TF	6,512	2,017	4,271	12,800	12,800
Aerárthach fóntais le sciatháin dhobhogtha	4,000	12,000	27,079	43,079	39,602

Éagsúlachtaí suntasacha

Tionscadal	Caiteachas iomlán ionchais 2018 €000	Caiteachas iomlán ionchais 2017 €000	Méadú bliain i ndiaidh bliana €000
Clár athsholáthair árthaí cabhlaigh agus tionscadal armála [a]	287,539	283,547	3,992
Aerárthach fóntais le sciatháin dhobhogtha [b]	43,079	39,602	3,477

Nótaí [a] Tá an méadú €4 mhilliún ar chaiteachas iomlán ionchais ann mar gheall ar sholáthar breosla/bealaí ar aistriú, oiliúint, lámhleabhair agus foilseacháin, páirteanna spártha a cuireadh ar fáil leis na soithí agus oibreacha breise a comhaontaíodh, lena n-áirítear oibreacha chun na hárthaí a thabhairt ar aon líne le ceanglais athbhreithnithe maidir le haicmiú long.

[b] Tá an méadú €3.5 milliún ar chaiteachas iomlán ionchais ann mar gheall ar fheabhas ar shonraíocht na gcóras satailíte aerárthaí.

2.11 Dliteanais aibithe

ag 31 Nollaig	2018	2017
	€000	€000
Meastachán de dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana	463	655

2.12 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi aon mhéid iarbhír nó faoi uainiú na ndliteanas ionchais.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

			2018	2017
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	18,800	17,652	17,161
ii	Taisteal agus cothabháil	650	597	657
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	315	321	333
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	660	465	454
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF sheachtracha	2,875	2,923	2,672
vi	Costais áitribh oifige	950	1,188	929
vii	Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe luach ar airgead agus beartais	190	82	115
		24,440	**23,228**	**22,321**

Éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar cuntas sna nótaí seo a leanas ar na cúiseanna go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

iv *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar sna meastacháin: €660,000, toradh: €465,000

Tharla an tearc-chaiteachas de €195,000 mar gheall ar éileamh a bhí níos ísle ná mar a ceapadh ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide.

vi *Costais áitribh oifige*

Soláthar sna meastacháin: €950,000, toradh: €1.188 milliún

Tharla an róchaiteachas de €238,000 mar gheall ar chostais bhreise a tabhaíodh in oibreacha athchóirithe oifige.

vii *Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe luach ar airgead agus beartais*

Soláthar sna meastacháin: €190,000, toradh: €82,000

Tharla an tearc-chaiteachas de €108,000 mar gheall ar mhoill le dul chun cinn dhá chonradh comhairleachta tionscadal-bhunaithe.

Clár A Beartas agus tacaíocht chosanta, inniúlachtaí míleata agus torthaí oibriúcháin

			2018	2017
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá	18,800	17,652	17,161
A.2	Riarachán - neamhphá	5,640	5,576	5,160
A.3	An Buanfhórsa Cosanta: pá	428,209	398,714	396,479
A.4	An Buanfhórsa Cosanta: liúntais	39,680	39,923	39,514
A.5	Na hÓglaigh Cúltaca: pá, srl.	2,150	1,574	1,383
A.6	Séiplínigh agus ministrí i bhfeighil: pá agus liúntais	1,250	1,014	1,027
A.7	Tacaíocht shibhialta d'Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, srl.	30,600	23,625	23,871
A.8	Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta	56,000	77,131	72,632
A.9	An tAerchór: trealamh agus tacaíocht	16,860	17,519	16,354
A.10	Iompar míleata	9,790	11,343	9,251
A.11	An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht	12,500	17,082	13,779
A.12	Costais beairicí agus trealamh innealtóireachta	13,180	14,050	12,512
A.13	Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil	23,300	17,996	21,259
A.14	Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann	13,980	15,742	14,111
A.15	Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann	10,574	13,264	11,177
A.16	Oideachas agus oiliúint mhíleata	2,150	2,680	2,173
A.17	Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann	3,200	3,779	3,197
A.18	Tacaíocht leighis agus cúram sláinte Óglaigh na hÉireann	3,000	2,901	2,843
A.19	Tailte	1,000	1,027	687
A.20	Eachaíocht	900	1,037	905
A.21	Costais dlíthíochta agus cúitimh	5,000	7,100	3,767
A.22	Caiteachas ilghnéitheach	3,176	3,510	3,417
A.23	Costais a éiríonn go díreach ó rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE	1,300	1,784	1,352
A.24	Cosaint Shibhialta	4,240	4,229	4,919
A.25	Cros Dhearg na hÉireann	869	1,169	1,619
	Iomlán	**707,348**	**701,421**	**680,549**

Éagsúlachtaí suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €5.927 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Bhain €1.212 milliún de sin le caiteachas ar riarachán agus míníodh é sin cheana féin agus tharla an méid eile de €4.715 milliún go príomha mar gheall orthu seo a leanas.

A.3 An Buanfhórsa Cosanta: pá

Soláthar sna meastacháin: €428.209 milliún, toradh: €398.714 milliún

Tharla an tearc-chaiteachas de €29.495 milliún mar gheall ar líon na ndaoine a chuaigh ar scor, líon a bhí níos airde ná mar a measadh agus earcaíocht níos ísle ná mar a measadh i 2018, rud a raibh líon níos ísle pearsanra ar fónamh sa Bhuanfhórsa i rith na bliana mar thoradh air.

A.5 Na hÓglaigh Cúltaca: pá, srl.

Soláthar sna meastacháin: €2.15 milliún, toradh: €1.574 milliún

Tharla an tearc-chaiteachas de €576,000 toisc nár ghlac an oiread cúltacaithe is a ceapadh leis an oiliúint íoctha.

A.6 Séiplínigh agus ministrí i bhfeighil: pá agus liúntais

Soláthar sna meastacháin: €1.25 milliún, toradh: €1.014 milliún

Tharla an tearc-chaiteachas de €236,000 mar gheall ar líon séiplíneach níos ísle ná mar a measadh a bheith ar fónamh i 2018.

A.7 Tacaíocht shibhialta d'Óglaigh na hÉireann: pá agus liúntais, srl.

Soláthar sna meastacháin: €30.6 milliún, toradh: €23.625 milliún

Tharla an tearc-chaiteachas de €6.975 milliún mar gheall go raibh líon na bhfostaithe sibhialta níos lú ná an soláthar sna meastacháin i ngeall ar earcaíocht níos ísle ná mar a ceapadh a bheadh sé.

A.8 Óglaigh na hÉireann: forbairt inniúlachta

Soláthar sna meastacháin: €56 milliún, toradh: €77.131 milliún

Tharla an róchaiteachas de €21.131 milliún go príomha mar gheall ar íocaíochtaí a thabhairt ar aghaidh faoin gclár uasghrádaithe d'iompróirí armúrtha pearsanra agus trealamh cosanta áirithe agus conarthaí armlón i ngeall ar na cláir/conarthaí sin a chuaigh ar aghaidh níos tapúla ná mar a ceapadh a rachaidís.

A.10 Iompar míleata

Soláthar sna meastacháin: €9.79 milliún, toradh: €11.343 milliún

Tharla an róchaiteachas de €1.553 milliún mar gheall ar an ngá feithiclí míleata breise a cheannach agus mar gheall ar an gcaiteachas níos mó ná mar a ceapadh ar pháirteanna spártha. Rinneadh fritháireamh i bpáirt ar an róchaiteachas sin mar gheall ar chostais breosla níos ísle ná mar a bhí measta.

A.11 An tSeirbhís Chabhlaigh: trealamh agus tacaíocht

Soláthar sna meastacháin: €12.5 milliún, toradh: €17.082 milliún

Tharla an róchaiteachas de €4.582 milliún mar gheall ar chaiteachas níos mó ná mar a bhí measta ar chothabháil breosla agus cabhlach.

A.12 Costais beairicí agus trealamh innealtóireachta

Soláthar sna meastacháin: €13.18 milliún, toradh: €14.05 milliún

Tharla an róchaiteachas de €870,000 mar gheall gur theastaigh trealamh innealtóireachta agus seirbhíse beairice breise. Rinneadh fritháireamh i bpáirt ar an róchaiteachas le costais fóntais níos ísle ná mar a bhí measta.

A.13 Bonneagar tógtha Óglaigh na hÉireann: tógáil agus cothabháil

Soláthar sna meastacháin: €23.3 milliún, toradh: €17.996 milliún

Tharla an tearc-chaiteachas de €5.304 milliún mar gheall gur thóg sé níos faide ná mar a measadh a thógfadh sé príomhthionscadail a thabhairt chomh fada leis an gcéim thógála.

A.14 Éidí, éadaí, trealamh agus lónadóireacht Óglaigh na hÉireann

Soláthar sna meastacháin: €13.98 milliún, toradh: €15.742 milliún

Tharla an róchaiteachas de €1.762 milliún mar gheall ar chaiteachas níos mó ná mar a bhí measta ar chothabháil breosla agus cabhlach. Rinne coigiltis ar threalamh ordanáis fritháireamh ar an bhfarasbarr seo.

A.15 Cumarsáid agus TF Óglaigh na hÉireann

Soláthar sna meastacháin: €10.574 milliún, toradh: €13.264 milliún

Tharla an róchaiteachas €2.69 milliún mar gheall ar athsholáthar trealamh TF agus cumarsáide chun tacú le hoibríochtaí intíre agus thar lear agus costais teileachumarsáide méadaithe.

A.16 Oideachas agus oiliúint mhíleata

Soláthar sna meastacháin: €2.15 milliún, toradh: €2.68 milliún

Tharla an róchaiteachas de €530,000 mar gheall gur theastaigh cúrsaí oiliúna breise agus gurbh éigean trealamh oiliúna breise a cheannach.

A.17 Lóistíocht agus taisteal Óglaigh na hÉireann

Soláthar sna meastacháin: €3.2 milliún, toradh: €3.779 milliún

Tharla an róchaiteachas de €579,000 mar gheall ar chostais bhreise iompair maidir le hoibríochtaí thar lear le UNIFIL agus UNDOF.

A.20 Eachaíocht

Soláthar sna meastacháin: €900,000, toradh: €1.037 milliún

Tharla an róchaiteachas de €137,000 mar gheall ar cheannach capall sa bhreis do Scoil Eachaíochta an Airm.

A.21 Costais dlíthíochta agus cúitimh

Soláthar sna meastacháin: €5 milliún, toradh: €7.1 milliún

Tharla an róchaiteachas de €2.1 milliún mar gheall ar roinnt éagsúlachtaí nárbh fhéidir a thuar, lena n-áirítear uainiú na n-éisteachtaí cúirte, dul chun cinn cásanna, agus líon, luach agus uainiú dámhachtainí agus socrúchán.

A.22 Caiteachas ilghnéitheach

Soláthar sna meastacháin: €3.176 milliún, toradh: €3.51 milliún

Tharla an róchaiteachas €334,000 mar gheall ar chostais fógraíochta agus cumarsáide breise a bhain leis an bhfeachtas earcaíochta míleata agus costais thacaíochta a bhí níos airde ná mar a measadh ar mhisin thar lear. Rinneadh fritháireamh i bpáirt ar an bhfarasbarr le costais riaracháin laghdaithe.

A.23 Costais a éiríonn go díreach ó rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE

Soláthar sna meastacháin: €1.3 milliún, toradh: €1.784 milliún

Bhí an róchaiteachas de €484,000 ann go príomha mar gheall ar mhéadú gan choinne ar na costais choitinne a bhain le Misin an Aontais Eorpaigh.

A.25 Cros Dhearg na hÉireann

Soláthar sna meastacháin: €869,000, toradh: €1.169 milliún

Bhí an róchaiteachas de €300,000 ann go príomha mar gheall ar chaiteachas breise a theastaigh chun Scéim Dhaonnúil Éigeandála de bharr Stoirm Eleanor a mhaoiniú do ghnóthaí beaga tar éis drochaimsir agus tuilte, de bharr cinneadh Rialtais.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

			2018	2017
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl.	4,313	14,004	12,949
2	Fáltais ó bhainc agus ó eagraíochtaí eile	1,300	1,320	1,335
3	Fáltais ó áitiú ceathrúna oifigiúla	140	196	157
4	Fáltais ó chiondálacha ar aisíocaíocht	900	924	919
5	Fáltais ó shaincheisteanna eile ar aisíocaíocht	20	25	25
6	Fáltais ó bhreosla eitlíochta	40	30	37
7	Fáltais ar chur i gcrích de réir ceannacháin	50	143	107
8	Talamh agus áitreabh			
	(a) cíosanna, srl.	462	436	455
	(b) díolacháin	1,250	14	469
9	Díol stórtha farasbairr	100	161	305
10	Aisíocaíochtaí maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht	50	92	48
11	Ilghnéitheach	300	667	832
12	Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí	11,610	13,646	13,186
	Iomlán	**20,535**	**31,658**	**30,824**

Éagsúlachtaí suntasacha

Tríd is tríd, bhí na leithreasaí i gcabhair €11.123 milliún níos mó ná an meastachán. Tá na míniúcháin ar na héagsúlachtaí leagtha amach thíos.

1 Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl.

Soláthar sna meastacháin: €4.313 milliún, toradh: €14.004 milliún

Tharla an barrachas de €9.691 milliún mar gheall ar fháltais na NA a bhí níos mó ná mar a bhí measta ar chostais pá agus trealaimh. á uainiú na bhfáltas ó na NA deacair a thuar. Féach nóta 6.1

8 Talamh agus áitreabh

Soláthar sna meastacháin: €1.712 milliún, toradh: €450,000

Tharla an t-easnamh €1.262 milliún mar gheall ar dhíol réadmhaoin mhíleata a tharla níos déanaí ná mar a bhí tuartha.

11 Ilghnéitheach

Soláthar sna meastacháin: €300,000, toradh: €667,000

Tharla an farasbarr de €367,000 go príomha mar gheall ar fháltais i dtaca le haisíocaíochtaí oiliúna, Seirbhísí Tacaíochta Éigeandála Aeraileighis agus an Scéim Tacaíochta Fostaíochta.

12 Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí

Soláthar sna meastacháin: €11.61 milliún, toradh: €13.646 milliún

Tharla an farasbarr €2.036 milliún mar gheall go bhfuil sé deacair fáltais asbhainte a bhaineann le pinsean a mheas go cruinn, go háirithe in Óglaigh na hÉireann mar gheall ar raon saincheisteanna ar féidir leo tionchar a imirt ar na ríomhanna, lena n-áirítear liostálacha, scoir, raon liúntas, srl.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	2018 €000	2017 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir	—	—
Géilleadh deonach pá	8	3
Aistrithe chuig an Státchiste	(8)	(3)
Iarmhéid ag 31 Nollaig	—	—

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéis lánaimseartha)

	2018	2017
Líon foirne ag deireadh na bliana	9,737	9,982

5.2 Pá

	2018 €000	2017 €000
Pá	396,739	395,215
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	226	217
Ragobair	416	408
Liúntas uainoibre agus uainchláir	219	215
Liúntais mhíleata agus liúntais eile	33,951	33,963
ÁSPC an Fhostóra	38,482	37,847
Pá iomlán [a,b]	**470,033**	**467,865**

Nótaí:

[a] Ní áirítear leis an iomlán foriomlán Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann arb ionann é agus ceathrar pearsanra le pá iomlán €226,751. Cruthaíonn an oifig seo cuntas ar leithligh.

[b] Ní áirítear ins na figiúirí iomlána pá thuas caiteachas neamhphá a gearradh ar roinnt fo-cheannteidil páigh.

5.3 Státseirbhísigh

	2018	2017
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	**336**	**325**

	2018 €000	2017 €000
Pá	16,535	16,164
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	99	80
Ragobair	102	88
Liúntais eile	49	56
ÁSPC an Fhostóra	867	773
Pá iomlán	**17,652**	**17,161**

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre	Líon na bhfaighteoirí	Daoine a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is airde 2018	2017
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	11	3	20,610	17,056
Ragobair	66	—	9,829	9,656
Liúntais eile	20	—	8,538	16,116
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	12	1	13,816	10,872

5.4 Fostaithe sibhialtacha

	2018	2017
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	**423**	**462**

	2018 €000	2017 €000
Pá	16,305	16,775
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	127	137
Ragobair	314	320
Liúntas uainoibre agus uainchláir	219	215
Liúntas am taistil	485	506
Liúntais uirlisí agus liúntais eile	215	226
ÁSPC an Fhostóra	1,805	1,862
Pá iomlán	**19,470**	**20,041**

Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre	Líon na bhfaighteoirí	Daoine a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is airde 2018	2017
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	69	—	8,016	8,787
Ragobair	147	1	10,769	8,432
Liúntas uainoibre agus uainchláir	34	3	15,458	14,088
Liúntas am taistil	70	12	12,720	12,221
Liúntais uirlisí agus liúntais eile	268	—	3,235	3,235
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	183	39	25,273	25,358

5.5 Buanfhórsa Cosanta (lena n-áirítear Seirbhís Altranais an Airm agus Séiplíneacht)

	2018	2017
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimseartha)	**8,978**	**9,195**

	2018 €000	2017 €000
Pá agus liúntais i gcomhair seirbhís mhíleata	363,899	362,276
Liúntais thar lear	18,768	18,840
Liúntais i gcomhair dualgais shlándála	8,068	7,931
Liúntas i gcomhair dualgais ar an teorainn	2,256	2,368
Liúntas i gcomhair dualgais patróil	2,134	2,461
Liúntais ilghnéitheacha	1,976	1,575
ÁSPC an Fhostóra	35,810	35,212
Pá iomlán	**432,911**	**430,663**

Liúntais	**Líon na bhfaighteoirí**	**Daoine a fuair €10,000 nó níos mó**	**Íocaíocht aonair is airde**	
			2018	**2017**
			€	**€**
Liúntais thar lear	1,990	864	55,000 [a]	34,900
Liúntais i gcomhair dualgais shlándála	7,547	11	19,648	15,022
Liúntas i gcomhair dualgais ar an teorainn	573	2	44,192 [b]	32,401
Liúntas i gcomhair dualgais patróil	716	0	9,195	9,750
Liúntais ilghnéitheacha	938	1	12,143	11,658
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2,960	950	39,252	34,953

Nótaí: [a] Réiteach ar éilimh
[b] Áirítear riaráistí ó 2009 go dtí 2017

5.6 Socrú leis na Coimisinéirí Ioncaim

I 2018, íocadh €36,038 leis na Coimisinéirí Ioncaim trí bhíthin nochtadh deonach gan choinne a bhain le soláthar seirbhísí áirithe leighis do bhaill an Bhuanfhórsa Cosanta (BFC) i 2017.

Mar bhailchríoch ar an nochtadh deonach gan choinne, rinne an Roinn íocaíocht €13,078,580 chun socrú leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Feabhra 2019 a bhain leis na blianta 2011 go dtí 2017. Éiríonn an socrú ó dhliteanas cánach maidir le soláthar cóir leighis agus cóiríochta agus liúntais agus socruithe áirithe. Maidir le saincheisteanna áirithe leighis agus cóiríochta, tháinig deireadh leis an dliteanas ó 1 Eanáir 2018 de bharr athruithe san Acht Airgeadais 2018. Cuireadh socruithe i bhfeidhm freisin lena chinntiú go raibh comhlíonadh cánach i dtaca le nithe áirithe nach raibh áirithe sna hathruithe reachtúla.

Comh maith le dhliteanais stairiúla a shocrú le haghaidh na mblianta 2011 go 2017 thuas, rinneadh íocaíocht €72,763 leis na Coimisinéirí Ioncaim i mí Feabhra 2019 i dtaca le muirir reachtúla ar ospidéal poiblí do chleithiúnaigh comhaltaí liostaithe den Bhuanfhórsa Cosanta i 2018.

5.7 Socruithe luach saothair eile

Íocadh €391,119 ar an iomlán le dhá dhuine dhéag de phearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar scor agus ag fáil pinsin Óglaigh na hÉireann, idir €11,697 agus €69,422, agus a bhí fostaithe arís ar dhualgais éagsúla i rith 2018. Ina theannta sin, íocadh €31,646 ar an iomlán, idir €452 agus €6,030, le cúigear státseirbhíseach poiblí a bhí ar scor agus ag fáil pinsin na seirbhíse poiblí, agus a bhí fostaithe arís ar dhualgais éagsúla i rith 2018. Tá nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012

5.8 Foireann ar iasacht

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €86,068 maidir le beirt oifigeach a bhí ar fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh 2018 ar fad nó cuid de agus ar íoc an Roinn a gcuid tuarastail leo.

5.9 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €162,198 (147 cás) agus bhí pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €57,978 (69 cás). Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh 2017 agus €90,623 (162 cás) agus bhí pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €29,181 (44 cás).

Níor aistríodh aon ró-íocaíochtaí ón Roinn Cosanta chuig aon Roinn/Oifig eile i 2018.

5.10 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíocht €1,000 (glan) le gach duine den 119 pearsanra a bhí ar fónamh leis an 57ú Grúpa Saighdiúirí Coise, UNDOF, bunaithe sa tSiria sna himthosca eisceachtúla a d'éirigh as an moill mhór gan choinne a bhí ar a n-aisdúichiú go hÉirinn. Ba é €236,313 an t-ollmhéid foriomlán.

5.11 Eadráin agus comhréiteach

I 2018, tabhaíodh costais €2,294 maidir le seacht gcás eadrána agus comhréitigh (2017: €590).

5.12 Cóir leighis

Tairgeadh seirbhísí institiúideacha agus othar seachtrach do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleithiúnaigh pearsanra liostaithe in ospidéil shibhialta gan an muirear reachtúil a chur i bhfeidhm agus in ospidéil mhíleata gan aon táille a ghearradh ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

6 Ilghnéitheach

6.1 Misin thar sáile

Áirítear leis an gcuntas seo na méideanna atá tugtha le fios thíos maidir le luach saothair pearsanra míleata atá ar fónamh le hoibríochtaí tacaíochta síochána na NA agus AE agus le heagraíochtaí éagsúla, mar aon le costais taistil agus cothabhála agus iompair.

	2018 €000	2017 €000
Misin na NA agus AE:		
Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (an Liobáin)	29,144	28,738
Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe (Arda Golan)	11,194	10,667
KFOR (an Chosaiv)	1,201	1,175
EUFOR (an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin)	529	600
Misin eile na NA agus AE	3,755	3,486
	45,823	44,666
Eile:		
Ionadaithe agus comhairleoirí míleata	1,385	1,676
Grúpaí Catha (An Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe agus AE)	81	301
Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip	66	164
Oibríochtaí na Meánmhara (Cuardach agus Tarrtháil)	3,673	3,738
Iomlán	**51,028**	**50,545**

As an tsuim €45.82 milliún do mhisin na NA agus AE, baineann €5.48 milliún le misin, agus is é an Stát a thabhaíonn costais iomlána na misean sin. Baineann an €40.34 milliún eile le UNIFIL agus UNDOF ar thángthas ar chomhaontú leis na NA maidir leis na socruithe chun costais áirithe a aisíoc. Bíonn uainiú na n-aisíocaíochtaí ó na NA ag brath ar thosca éagsúla lena n-áirítear an maoiniú atá ar fáil don eagraíocht sin. Ba é an méid iarbhír a fuarthas ó na NA trí leithreasaí-i-gcabhair i 2018 ná €14 milliún, inar cuimsíodh €6.7 milliún le haghaidh costais phearsanra agus €7.3 milliún le haghaidh costais trealaimh.

Bhí €2.9 milliún le híoc ag deireadh na bliana (costais phearsanra de €1.2 milliún agus costais trealaimh de €1.7 milliún).

6.2 Tacaíocht do chumainn ionadaíochta Óglaigh na hÉireann

Áirítear leis an gcuntas sin €490,206 ar an iomlán maidir le luach saothair an phearsanra míleata a bhí ar iasacht do chumainn ionadaíochta agus costais riaracháin gaolmhara áirithe.

6.3 Nithe a díscríobhadh

	2018 €000	2017 €000
Damáiste d'fheithiclí míleata	55	129

6.4 Cúiteamh agus costais dlí

	Líon na gcásanna	Costais dlí arna n-íoc ag an Roinn €000	Cúiteamh a dámhadh €000	Costais dlí a dámhadh €000	2018 Iomlán €000	2017 Iomlán €000
Fostaithe an Vóta						
Cásanna díobhála pearsanta	213	942	3,190	1,780	5,912	2,882
Cásanna a bhain le riarachán/fostaíocht	22	31	400	420	851	448
Baill den phobal						
Díobháil phearsanta	29	30	185	120	335	450
		1,003	**3,775**	**2,320**	**7,098**	**3,780**

Baineann na figiúirí thuas le gach cás ina ndearnadh íocaíocht i 2018. Ina measc sin tá cásanna a socraíodh blianta roimhe sin, iad sin a socraíodh i 2018 agus iad sin atá fós oscailte.

Aguisín A Sceideal maidir le Talamh agus Foirgnimh

1. Dílsithe san Aire Cosanta

Réadmhaoin	Achar (Heicteáir)[a]
An Clár	
Campa Chnoc an Lisín	50.61
Corcaigh	
Dún Uí Mhurchú, Baile an Chollaigh	0.89
Dún Uí Choileáin, Corcaigh	24.22
Cuid de Réimse Campa, Dún Uí Choileáin	—
Seanbheairic & Reilig, Mainistir Fhear Maí	4.45
Campa Mhic Gearailt, Mainistir Fhear Maí	0.40
Áitreabh RDF, Cill Chrócháin	0.40
Plásóg Cuimhneacháin Mhichíl Uí Choileáin, Béal na Bláth	0.004
Áitreabh RDF, An Sciobairín	0.20
Áitreabh RDF, Mala	0.03
Baile Átha Cliath	
Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill	277.21
Iena n-áirítear gléasra séarachais ar thalamh in aice láimhe Asplanád, Dún Uí Choileáin	0.20
Láthair ag Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8	0.40
Gaillimh	
Raon Raidhfilí Órán Mór	216.10
Soláthar Uisce Chluain Roilíoch go Raon Órán Mór	—
Dún Uí Mhaoilíosa, Gaillimh	29.95
Ciarraí	
Dún Bhaile an Mhuilinn, Trá Lí	6.07
Dún na Sionainne, Tairbeart	0.81
Áitreabh RDF, Cill Orglan	0.10
Cill Dara	
Campa agus Tailte an Churraigh	1,968.35
Tailte an Churraigh – Seachbhóthar Chill Dara	—
Uimh. 2, 23, 78, 85 agus 96 Páirc an Úlloird, An Currach	0.10
Dún Mhic Aodha, Cill Dara	1.99
Tailte ag an Ráth Dhubh, An Currach	14.37

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

Réadmhaoin	Achar (Heicteáir)[a]
Cill Chainnigh	
Dún Mhic Stiofáin, Cill Chainnigh	5.67
Lú	
Raon Raidhfilí an Sciobóil Dheirg, Dún Dealgan	5.46
An Mhí	
Campa agus Aeradróm Bhaile Mhic Gormáin	105.62
Áitreabh RDF, An Uaimh	0.20
Uíbh Fhailí	
Iar-Dhún Míleata, Biorra	1.98
Ros Comáin	
Raon Raidhfilí, Carna	114.53
Tiobraid Árann	
Raon Raidhfilí, Cill Chuaráin	5.46
Port Láirge	
Dún Míleata, Port Láirge	0.28
An Iarmhí	
Dún Mhic Coluim, An Muileann gCearr	9.61
Dún Chostúim, Baile Átha Luain	5.26
Tailte Gharraí na Féile, Baile Átha Luain	5.97
Cill Mhantáin	
Raon Airtléire Ghleann Ó Máil	2,698.85
Campa agus Tailte Chúil Mhuine	97.53
Teach agus Tailte Charraig Bhré, Bré	1.95
Post Maor Raoin, An Seisceann	0.40

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

2. Dílsithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Réadmhaoin	Achar (Heicteáir)[a]
An Clár	
Áitreabh RDF, Inis	0.10
Corcaigh	
Campa agus Raon Chill Uird	1,377.55
Cuid de Champa Chill Uird chun seirbhísí bóthair a sholáthar don ÚBN	10.69
An tOileán Mór	91.05
Bunáit Chabhlaigh, Inis Sionnach[b]	33.99
Fort Davis, An Geata Bán	22.04
Dún Theampall Bríde, Bun an Tábhairne	14.97
Furious Pier, Baile Chaisleáin Bhéarra	—
Cé Tuirlingthe, Cóbh	—
Dún na nGall	
Campa Fionnabhair, Bun Dobhráin	337.01
Baile Átha Cliath	
Dún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	18.62
Uimh. 17-28 Árasáin Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6	0.27
Dún Mhic Aoidh, Ascaill an Chiardhuibh, Baile Átha Cliath 7	18.21
64 Páirc Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath 7	0.02
Ospidéal Naomh Briocán, Baile Átha Cliath 7	3.24
Teach na Seanscoile, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	—
2 Cúirt Thomhair, Cnoc an Arbhair, Baile Átha Cliath 7	0.01
Laois	
Áitreabh RDF, Port Laoise	0.03
Luimneach	
Dún an tSáirséalaigh, Luimneach	5.99
Lú	
Dún Mhic Aogáin, Dún Dealgan	7.28

Nótaí [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

[b] Aistrithe ar bhonn sealadach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhair obair dheisiúcháin ar láthair ISPAT.

Réadmhaoin	Achar (Heicteáir)[a]
Maigh Eo	
Dún Míleata, Caisleán an Bharraigh	2.43
Ros Comáin	
Raon Raidhfilí, Cuisle	56.25
Dún Míleata, Mainistir na Búille	0.20
Tiobraid Árann	
Dún Míleata, An tAonach	1.20
Cuid de Dhún Mhic Canna, An Teampall Mór	0.16
Loch Garman	
Dún Míleata, Loch Garman	0.40
Cill Mhantáin	
Campa agus Raon Raidhfilí Chill Bhríde	636.98

Nóta [a] Is neasfhigiúirí atá sna heicteáir luaite. Tá foirgnimh ar fhormhór na n-áitreabh.

Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Cosanta

Tá liosta sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi shainchúram na Roinne áit ina bhfuil sé mar dhualgas ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, amhail ag deireadh an Mhárta 2019, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais is deireanaí a ndearnadh iniúchadh orthu agus an tréimhse inar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

Comhlacht/ciste roinne	An tréimhse chuntasaíochta dheiridh	Dáta thuarascáil an iniúchta	An dáta a bhfuair an tAire/ Roinn í	An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann	2017	7 Mean F 2018	4 Ean 2019	31 Ean 2019
Bord Ceaintín Óglaigh na hÉireann	2017	28 Mean F 2018	12 Deir F 2018	3 Nollaig 2018